# An Abhainn Mhór (Mall)

Tá mo mháithrín go tréan lag
agus tá sí aonraic ar Chaladh na mBád.
Bíonn sí ag osnaíl is ag éagaoin
chuile oíche Domhnaigh go mbíonn sé ina lá.
Tá a comrádaí sínte i gCill Bhríde
is tá leac ar a cheann.
Is tá a mac ina cheann siamsa
ar fud na tíre agus jug ina lámh.

Is nach bhfuil grá do dháréag agam
is tá siad aonraic ar aon tsloinne amháin.
Ach tá bean óg ar an méid sin,
ní fhéadfaidh mé a hainm a rá,
Go n-athraí Loch Éirne
s go dtréige an eala a clúmhach bán.
Ní inseoidh mé go héag daoibh
cén réasún le go dtug mé di grá.

Nach bhfuil grá do chailín óg agam
is deir go leor liom nach mairfidh sí mí,
Nuair a théimse go teach an ósta,
níl spórt ann is deise ná í,
Tá a grua mar an rósa
is tá sí ag doirteadh na meala ar chaon taobh,
Is an té a bhlaisfeadh dá póigín is é mo thuairim
go mbeadh fad ar a shaol.

Ach chúns a bheas mé beo in Éirinn
ní dhéanfaidh mé ciste ná stór,
Chúns a bheas mé beo in Éirinn
ní thréigfidh mé comhluadar óg,
Chúns a bheas mé beo in Éirinn
nach bpléascfaidh mé an jug ar an mbord,
Le do shláintese, a mhíle stóirín,
'S é an trua nach liom do dhá bhó.

Dar mo mhionna agus mo mhóide,
is dar leabhar mór a bhfuil mé ag dul tríd,
I gcomhluadar ban óg
go deo deo ní ghabhfaidh mé arís,
Mar is leo a chaith mé mo bhróga
ó thús m'óige go dtí deireadh mo shaoil
Is nár fhágadar i mo sheó mé
ag cur tuairisc cá gcodlóinn an oíche.

Ach murach m'óige is mo dhícéille
nach lách éasca mar a chaithfinn mo shaol
Nuair a chuaigh mé thar sáile le Máirín
ar uair an mheán oíche
Agus bhuail mé faoi na Búrcaigh,
dream a diúltaíodh as flaithis na naomh
Is nár fhágadar faoi bhrón mé
is tá ag gabháil orm amach go Trá Lí

Nach bhfuil mo chóta mór stróicthe
ó ghlúin is tá sé ag sileadh liom síos,
Ach an té a chuirfeadh caoi is cóir air
céad faraor tá sé i bhfad ó mo shlinn.
An tailliúr glan cóir ar an Aird Mhóir
mar atá Tomáisín Bán
Is nach gcuirfeadh sé píosa air
is green velvet aniar trína lár.

Mo mhíle slán leat, a Abhainn Mhóir bhoicht,
is é mo thrua gan mé anocht le do thaobh
Mar is iomaí sin bóithrín caol uaigneach atá ag
dul idir mé is tú
Nach ann a bhíodh an spórt againn chuile oíche
Domhnaigh ag cur gaisce ina shuí
Is nach mbíodh jug ar an mbord ann is bhíodh
mo stóirín fial fairsing dá roinnt

Ceardlann sean-nóis le Mairéad Ní Fhlatharta
Amhránaí Cónaitheach, Ollscoil na Gaillimhe
2024